2025/2552

18.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2552 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2025

lena ndeonaítear maolú ar Bhallstáit áirithe de bhun Rialacháin (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil i ndáil leis an gcóras um Chruthúnas ar Stádas Aontais

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8738)

(Is iad na téacsanna Bulgáirise, Cróitise, Danmhairgise, Ollainnise, Béarla, Eastóinise, Fionlainnise, Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Gaeilge, Iodáilise, Laitvise, Polainnise, Portaingéilise, Slóivéinise agus Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is trí leas a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe go léir ar fhaisnéis idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus an stóráil a éilítear i dtaca le faisnéis den sórt sin faoin reachtaíocht chustaim.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear an clár oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais ('an clár oibre'). Liostaítear sa chlár oibre na córais leictreonacha atá le forbairt agus na dátaí óna meastar go mbeidh na córais sin oibríochtúil. Chomh maith le nithe eile, sonraítear sa chlár oibre sin an cur chun feidhme agus an t-imscaradh le haghaidh an chórais um Chruthúnas ar Stádas Aontais i gcomhréir le hAirteagail 6(1), 16, 153 agus 278(3) pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 leagtar síos an 15 Lúnasa 2025 mar an dáta imscartha do chéim 2 den chóras um Chruthúnas ar Stádas Aontais.

(4) Faoin gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, cumhdaítear le céim 2 den chóras um Chruthúnas ar Stádas Aontais an nasc atá le cruthú ag gach Ballstát idir an córas sin agus an tIonad Ilfhreastail Muirí Náisiúnta agus atá le comhiomlánú sa timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), a mbeidh feidhm aige, i gcomhréir lena Airteagal 26, ón 15 Lúnasa 2025 ar aghaidh. Dá bhrí sin, tá imscaradh iomlán chéim 2 den chóras um Chruthúnas ar Stádas Aontais ceangailte leis an nasc córas le córas idir an córas um Chruthúnas ar Stádas Aontais agus na hIonaid Ilfhreastail Muirí Náisiúnta.

(5) Sa teachtaireacht maidir le nuashonrú 2024 den Phlean Cur Chun Feidhme Ilbhliantúil maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a bhunú ([4]) ('an Teachtaireacht maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí'), thug an Coimisiún le fios nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a bhí beartaithe ar dtús maidir le cur chun feidhme an Ionaid Ilfhreastail Muirí Náisiúnta, agus go raibh achar níos faide ag teastáil chun reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh ná mar a síleadh a bheadh ag teastáil ar dtús. Dá bhrí sin, cé go bhfuil críoch á chur de réir a chéile leis an gcur chun feidhme ar bhonn náisiúnta, maidir le cur in úsáid an Ionaid Ilfhreastail Muirí Náisiúnta, ní dhéanfar sin a shioncrónú idir Ballstáit agus ba cheart é a dhéanamh go táscach thar thréimhse suas le 18 mí ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1239.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena mbunaítear an Clár Oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais (IO L, 2023/2879, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2879/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1239/oj).

([4]) Teachtaireacht C/2024/7170 ón gCoimisiún lena gcuirtear i láthair nuashonrú 2024 ar an bPlean Cur Chun Feidhme Ilbhliantúil maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a bhunú (IO C, C/2024/6300, 22.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6300/oj).

(6) De thoradh chur chun feidhme déanach na nIonad Ilfhreastail Muirí Náisiúnta, ní raibh an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn ná an tSualainn in ann an nasc idir a nIonad Ilfhreastail Muirí Náisiúnta féin agus an córas um Chruthúnas ar Stádas Aontais a chur chun feidhme faoin 15 Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, d'iarr na Ballstáit sin go foirmiúil ar an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, cead a thabhairt dóibh, de mhaolú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán sin, leanúint ar aghaidh ag baint leasa as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha le faisnéis a mhalartú agus a stóráil, chun stádas custaim earraí a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 199(1), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([5]), ionas go mbeidh cead ag oibreoirí sna Ballstáit sin leanúint ar aghaidh ag úsáid lastliosta na cuideachta loingseoireachta dá dtagraítear in Airteagal 199(2) den Rialachán sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart maolú a dheonú don Bheilg, don Bhulgáir, don Danmhairg, don Ghearmáin, don Eastóin, d'Éirinn, don Fhrainc, don Chróit, don Iodáil, don Chipir, don Laitvia, don Ísiltír, don Pholainn, don Phortaingéil, don tSlóivéin, don Fhionlainn agus don tSualainn, faoi Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun stádas custaim earraí a sholáthar, ar an oibleagáid leas a bhaint as teicnící próiseála sonraí leictreonacha le haghaidh gach malartaithe faisnéise uile idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus ar stóráil faisnéise sin, mar a leagtar síos in Airteagal 6(1) den Rialachán sin.

(8) Braitheann fad thréimhse an mhaolaithe sin ar an tráth a bhunófar feidhmiúlachtaí a bhaineann leis na hoibleagáidí tuairiscithe custaim a shonraítear i bPáirt A, pointe A7, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1239. I bhfianaise an mhéid sin agus ag féachaint don Teachtaireacht maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí, ba cheart an maolú a bheith i bhfeidhm go dtí an 1 Márta 2027.

(9) Ba cheart don Bheilg, don Bhulgáir, don Danmhairg, don Ghearmáin, don Eastóin, d'Éirinn, don Fhrainc, don Chróit, don Iodáil, don Chipir, don Laitvia, don Ísiltír, don Pholainn, don Phortaingéil, don tSlóivéin, don Fhionlainn agus don tSualainn tuarascálacha tréimhsiúla a chur isteach ar an dul chun cinn déanta acu maidir leis an nasc a bhunú idir an córas um Chruthúnas ar Stádas Aontais agus a nIonaid Ilfhreastail Muirí Náisiúnta féin.

(10) Ós rud é, faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, gur cheart céim 2 den chóras um Chruthúnas ar Stádas Aontais a imscaradh faoin 15 Lúnasa 2025, agus go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2019/1239 ó bhí an 15 Lúnasa 2025 ann chomh maith, agus chun folús dlí a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón dáta sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Féadann an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn leas a bhaint as na modhanna dá dtagraítear in Airteagal 199(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 chun cruthúnas ar stádas custaim earraí a sholáthar.

Airteagal 2

Déanfaidh an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn tuairisciú ar an dul chun cinn déanta acu maidir chun an nasc a bhunú idir an córas um Chruthúnas ar Stádas Aontais dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 agus an tIonad Ilfhreastail Muirí Náisiúnta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1239 gach 4 mhí ón 15 Lúnasa 2025, faoin 15ú lá tar éis an cheathrú mí.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 15 Lúnasa 2025 go dtí an 1 Márta 2027.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún